Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Ábhar

SCOLÁIREACHTAÍ ARDOIDEACHAIS

Uimhir na hImlitreach:
2008/26

Dáta Eisiúna
13 Feabhra 2009

Spriocléitheoirí:

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí na n-iarbhunscoileanna deontaschúnta a bhfuil daltaí sa séú bliain acu;
- Múinteoirí Gairmthreorach in iarbhunscoileanna deontaschúnta a bhfuil daltaí sa séú bliain acu;
- Boird Oideachais agus Leabharlainne;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil
- An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe;
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Imeasctha
- Comhairle na Gaelscolaíochta
- Foireann Feidhmithe an Údaráis um Oideachas agus Scileanna

Achoimre ar a bhfuil ann:
Faisnéis do scoileanna ar bhronnadh Scoláireachtaí Ardoideachais

Fiosrúcháin:
Ba chóir aon fhiosrúcháin faoina bhfuil san Imlitir seo a sheoladh chuig:

Declan Hyland
An Fhoireann um Cháilíochtaí agus TFC
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
Contae an Dúin
BT19 7PR

Feasacht Gobharnóra
Riachtanach

Stádas an Ábhair:
Faisnéis do Scoileanna

Cáipéisí Gaolmhara
Cáipéisí ar bith

Cáipéisí Cealaithe:
Cáipéisí ar bith

Dáta Éagtha:
Níl bainteach

Láithreán Gréasáin DE:
Tá an imlitir seo ar fáil ar http://www.deni.gov.uk

Guthán: 028 9127 9361
Facs: 028 9127 9710

Cóipeanna breise:
Guthán: 028 91 279561

SCOLÁIREACHTAÍ ARDOIDEACHAIS

Réamhrá
Is éard is aidhm leis an imlitir seo scoileanna a chur ar an eolas faoi scéim úr scoláireachtaí tríú leibhéal a fheidhmeoidh ar bhonn uile-Éireann. Soláthróidh an scéim cúnamh airgeadais do na mic léinn is fearr ó theaghlaigh ísealioncaim a bhfuil sé ar intinn acu freastal ar institiúidí ardoideachais ón chéad fhómhar eile.

Tá na scoláireachtaí á dtairiscint ag Iontaobhaithe Fhondúireacht Charthanach JP McManus. Chuir an Fhondúireacht €24 milliún ar fáil cheana le 100 scoláireacht tríú leibhéal a mhaoiniú i bPoblacht na hÉireann agus tá €6 mhilliún á chur ar fáil anois le scoláireachtaí comhchosúla a thairiscint do mhic léinn i dTuaisceart Éireann.

Líon na Scoláireachtaí
Soláthróidh na scoláireachtaí úra cúnamh airgeadais do suas le 25 mac léinn in aghaidh na bliana i dTuaisceart Éireann le staidéar a dhéanamh ag leibhéal na fochéime; bronnfar 19 de na scoláireachtaí trí earnáil na scoileanna agus bronnfar 6 cinn acu trí earnáil an Bhreisoideachais (FE).

Riachtanais Cháilitheachta
Tá na scoláireachtaí a bhronnfar trí earnáil na scoileanna ag brath ar fheidhmíocht i scrúduithe GCE Ardleibhéal de chuid na Comhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCSM). Le bheith i dteideal na scoláireachtaí seo, ní mór d'iarrthóirí freastal ar iarbhunscoil deontaschúnta i dTuaisceart Éireann. Lena chois sin, caithfear na hiarrthóirí bheith aitheanta mar dhaoine ó theaghlaigh ísealioncaim agus, mar fhianaise air sin, ní mór dóibh bheith ag fáil an Liúntais Chothabhála Oideachais.

Bronnfar scoláireachtaí ar iarrthóirí incháilithe ar bhonn na scór is airde sna scrúduithe Ardleibhéil de chuid CCSM. Tairgfear dhá scoláireacht ar a laghad i ngach contae (bunaithe ar sheoladh baile an mhic léinn) agus tabharfar duaiseanna breise do na mic léinn a gheobhaidh na marcanna is airde sna scrúduithe Ardleibhéil. Bronnfar na chéad scoláireachtaí ar mhic léinn a bhfuil sé ar intinn acu freastal ar institiúidí ardoideachais ó fhómhar na bliana 2009.

Próiseas Ainmniúcháin
Ní mór do mhic léinn foirm fhéin-ainmnithe a chomhlánú agus ní mór síniú phríomhoide na scoile nó an Choláiste Breisoideachais bheith ar an fhoirm. Iarrfar ar Phríomhoidí seoladh baile an iarrthóra a dheimhniú agus dearbhú a chomhlánú go bhfuil sé/sí ag fáil an Liúntais Chothabhála Oideachais. Beidh ar iarrthóirí a dheimhniú go bhfuil siad toilteanach cead a thabhairt le gur féidir na sonraí cuí ar fad a thabhairt do CCSM. I ndiaidh d'iarrthóirí torthaí GCE Ardleibhéal a fháil ón CCSM, deimhneoidh an Chomhairle cé hiad na mic léinn a fuair na marcanna is airde, bunaithe ar thorthaí a gcuid scrúduithe.

Tuilleadh Faisnéise
Tá faisnéis ar an scéim ar fáil ar láithreán Gréasáin na Roinne Fostaíochta agus Foghlama ar www.delni.gov.uk/allirelandscholarships.

SEAN WARD
An Rannóg um Chaighdeáin a Ardú